



C/2025/2948

23.5.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú
(Cás M.12008 — REITAN RETAIL / NORWEGIAN / STRAWBERRY / SPENN)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2948)

1. An 15 Bealtaine 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

- Reitan Retail AS ('Reitan Retail', an Iorua),
- Norwegian Reward AS ('Norwegian Reward', an Iorua), atá faoi rialú Norwegian Air Shuttle A.S.A ('Norwegian', an Iorua),
- Strawberry Club AS ('Strawberry Club', an Iorua), fochuideachta de Strawberry Holding AS ('Strawberry', an Iorua)
- Spenn Group AS ('Spenn', an Iorua) atá faoi rialú comhpháirteach Norwegian Reward agus Strawberry Club faoi láthair.

Gheobhaidh Reitan Retail, Norwegian Reward agus Strawberry Club rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Spenn.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

- Tá oibríochtaí ag Reitan Retail sna hearnálacha grósaera, siopaí áise, breosla soghluaisteachta agus fuinnimh, agus seirbhís nite gluaisteach ar fud na dtíortha Nordacha agus Baltacha,
- Oibríonn Norwegian Reward clár dílseachta do chustaiméirí le haghaidh chustaiméirí aerlíne Norwegian,
- Oibríonn Strawberry Club clár dílseachta do chustaiméirí le haghaidh chustaiméirí óstáin Strawberry,

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó Spenn: Oibríonn Spenn ardán ilpháirtí a éascaíonn bailiú agus fuascailt pointí dílseachta sna tíortha Nordacha.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ⁽²⁾, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

⁽²⁾ IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12008 — REITAN RETAIL / NORWEGIAN / STRAWBERRY / SPENN

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
